Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7407/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0076(NLE)**

**CLIMA 119**
**ENV 251**
**ENER 96**
**IND 82**
**COMPET 169**
**MI 215**
**ECOFIN 249**
**TRANS 163**
**AELE 13**
**CH 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 111 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 111 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 111 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.3.2022
COM(2022) 111 final

2022/0076 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh d'fhonn leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh

Is é is aidhm don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh ('an Comhaontú') Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE) a nascadh le Córas Trádála Astaíochtaí (CTA) na hEilvéise trí chead a thabhairt lamháltais a eisítear i gcóras amháin a thrádáil agus a úsáid ar mhaithe le comhlíonadh sa cheann eile, rud a mhéadóidh na deiseanna a bheidh ann chun maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

### 2.2. An Comhchoiste

Tá an Comhchoiste, a bunaíodh le hAirteagal 12 den Chomhaontú, freagrach as an gComhaontú a riar agus as a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é. Féadfaidh sé a chinneadh iarscríbhinní nua a ghabhann leis an gComhaontú a ghlacadh nó iarscríbhinní atá ann cheana a leasú. Féadfaidh sé freisin leasuithe ar Airteagail den Chomhaontú a phlé, malartú tuairimí maidir le reachtaíocht na bPáirtithe a éascú agus athbhreithnithe a dhéanamh ar an gComhaontú.

Is comhlacht déthaobhach é an Comhchoiste a bhfuil ionadaithe na bPáirtithe air (an tAontas Eorpach agus an Eilvéis). Comhaontóidh an dá Pháirtí na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste.

Le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú foráiltear go bhféadfaidh an Comhchoiste a chinneadh Iarscríbhinn nua a ghlacadh nó Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo cheana a leasú. Le hAirteagal 8(2) den Chomhaontú leagtar síos na rialacha maidir leis an mbealach le faisnéis íogair a láimhseáil, ar faisnéis í a bhféadfadh leibhéil éagsúla dochair nó damáiste do leasanna na bPáirtithe sa Chomhaontú teacht as a nochtadh neamhúdaraithe, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Is gá faisnéis den sórt sin a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe ar mhaithe le leasanna slándála ceann de na Páirtithe. Tá marcáil íogair uirthi arna shannadh ag na Páirtithe chun faisnéis íogair a chosaint i gcomhréir leis na ceanglais slándála, na leibhéil íogaireachta agus na horduithe a leagtar amach in Iarscríbhinní III agus IV faoi seach.

Trí bhíthin Fhógra Slándála C(2019) 1904 'Faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mharcáil agus a láimhseáil', thug an Coimisiún Eorpach marcálacha slándála nua isteach atá le húsáid ag seirbhísí an Choimisiúin. Toisc nach bhfuil marcáil in-fhorfheidhmithe le dlí ach amháin laistigh den Choimisiún, mhol sé socruithe iomchuí a shocrú le tríú páirtithe lasmuigh den Choimisiún i gcás ina mbeadh gá faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mhalartú leo. Leis an gComhaontú, lena mbunaítear an Comhchoiste agus lena leagtar síos a thascanna, soláthraítear an creat riachtanach éifeachtach chun na críche sin.

## 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Le linn a chúigiú cruinniú, a thionólfar in 2022, nó níos luaithe trí bhíthin an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[1], glacfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht a athbhunú idir rialacha dlíthiúla agus cur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha sin d'fhonn faisnéis íogair a chosaint, go háirithe í a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe nó ar chaillteanas sláine. Trí Fhógra Slándála C(2019) 1904 a ghlacadh, d'athraigh an Coimisiún Eorpach marcálacha slándála na faisnéise íogaire neamh-rúnaicmithe le haghaidh úsáid inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh.

Chun na críche sin, ba cheart Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú chun comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht a athbhunú idir rialacha dlíthiúla agus cur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha sin agus chun socruithe oibre éifeachtúla agus éifeachtacha a chosaint agus a áirithiú a thuilleadh ar an dá thaobh gan an riosca go gcuirfí na leibhéil slándála i mbaol.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: 'Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh Iarscríbhinn nua a ghlacadh nó Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo cheana féin a leasú'. Thairis sin agus i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Chomhaontú, beidh na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, ar theacht i bhfeidhm dóibh, ceangailteach ar na Páirtithe.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an gCinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar an togra seo ón gCoimisiún cinntear seasamh an Aontais Eorpaigh maidir leis an gCinneadh ón gComhchoiste atá le glacadh i ndáil le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

Le hAirteagal 9(2) den Chomhaontú leagtar síos na leibhéil íogaireachta le haghaidh faisnéis íogair, a úsáidfidh na Páirtithe chun faisnéis íogair a shainaithint a láimhseáiltear agus a mhalartaítear faoin gComhaontú, i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú. Soláthraítear le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú sainmhíniú ar leibhéil íogaireachta CTA i dtéarmaí rúndachta agus rátáil sláine.

De bharr an riachtanais atá ann faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mhalartú faoi chuimsiú chreat an Chomhaontaithe trí bhíthin naisc clárlainne díreach a bunaíodh leis an gComhaontú, is gá an leibhéal riachtanach slándála a chosaint chun an riosca i ndáil le calaois, mí-úsáid nó gníomhaíochtaí coiriúla lena mbaineann na clárlanna a íoslaghdú, ach chun freagairt ar theagmhais den chineál sin agus sláine an naisc clárlainne a chosaint freisin, chomh maith leis na margaidh atá nasctha. Chun na críche sin, leagtar síos leis an gComhaontú na leibhéil íogaireachta agus soláthraítear ann na rialacha ábhartha maidir le conas is féidir déileáil le faisnéis íogair faoin gComhaontú. Sainmhínítear go sainráite sa Chomhaontú na marcálacha slándála atá le húsáid faoin gComhaontú, atá comhionann leis na marcálacha slándála a úsáideadh sular glacadh Fógra Slándála C(2019) 1904. Tar éis Fógra Slándála C(2019) 1904 a

[1] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20191201_jc_dec_rop_en.pdf agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018, IO L 239 an 24.9.2018, lch. 8.

ghlacadh, níl na marcálacha slándála is infheidhme sa Choimisiún Eorpach faoi láthair ag teacht leo siúd a leagtar síos sa Chomhaontú agus ba cheart iad a chur i gcomhréir lena chéile arís. Moladh le Fógra Slándála C(2019) 1904 go gcomhaontófar le páirtithe seachtracha ar shocruithe dá réir.

Is sprioc beartais fadtéarmach de chuid an Aontais Eorpaigh agus an phobail idirnáisiúnta margadh idirnáisiúnta carbóin dea-fheidhmiúil a fhorbairt trí chórais trádála astaíochtaí a nascadh ón mbun aníos, go háirithe mar bhealach chun cuspóirí aeráide Chomhaontú Pháras a bhaint amach. I dtaca leis sin, ceadaítear le hAirteagal 25 den Treoir lena mbunaítear Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE) CTA AE a nascadh le córais trádála astaíochtaí eile ar choinníoll go mbeidh siad éigeantach, go mbeidh dearbhtheorainn acu ar astaíochtaí agus go mbeidh siad comhoiriúnach, faoi mar atá siad le córas na hEilvéise. Tar éis don Chomhaontú teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020, léiríonn ba chéim thábhachtach é athbhunú na comhoiriúnachta agus na comhsheasmhachta i dtreo chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun trí chomhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, cé is moite de ghníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh de bhun Airteagal 12 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh.

An gníomh, a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú leis an ngníomh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

[2] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Na Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an gcomhshaol a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

# 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar le gníomh an Chomhchoiste Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh is iomchuí an gníomh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2022/0076 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (‘an Comhaontú’) a thabhairt i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle [3] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

(2) De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm do na cinntí sin.

(3) In 2022, le linn a chúigiú cruinniú nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Comhchoiste[4], glacfaidh an Comhchoiste an Cinneadh maidir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

(4) An Cinneadh maidir le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, ós rud é go mbeidh sé ceangailteach ar an Aontas, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos.

(5) Is iomchuí comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht a athbhunú idir rialacha dlíthiúla agus cur i bhfeidhm na rialacha sin d’fhonn faisnéis íogair a chosaint, go háirithe chun í a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe nó ar chaillteanas sláine.

---

[3] IO L 322, 7.12.2017, lch. 3.

[4] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20191201_jc_dec_rop_en.pdf agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018, IO L 239 an 24.9.2018, lch. 8.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcúigiú cruinniú den Chomhchoiste nó níos luaithe tríd an nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 8(4) de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[5], beidh an seasamh sin bunaithe ar dhréachtghníomh an Chomhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

5 Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gCórais Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Nascadh an 25 Eanáir 2019 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, atá le fáil ag https://ec.europa.eu/clima/system/files/2021-07/20191201_jc_dec_rop_en.pdf agus Cinneadh (AE) 2018/1279 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018, IO L 239 an 24.9.2018, lch. 8.